
An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

# Timpeallacht Fhisiciúil an tSeomra Ranga

Spásanna Uilíocha Foghlama a Chruthú



An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

Tá an obair seo ceadúnaithe faoi Cheadúnas Idirnáisiúnta Admhála

Neamhthráchtála Creative Commons – ShareAlike 4.0

International License

©An CNOS 2024

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

2 Sráid an Mhuilinn, Páirceanna an Bhaile Theas, Baile Átha Troim, Contae na Mí

Gréasán: www.ncse.ie

D'fhorbair Teiripeoirí Saothair na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) an leabhrán seo i gcomhar le comhghleacaithe Teiripe Urlabhra agus Teanga agus Comhairleora an CNOS. Bunaítear ábhar an leabhráin seo ar fhianaise atá bunaithe ar thaighde agus ar chleachtas trína bheith ag obair i scoileanna.

# Clár Ábhar

**Gluais** 2

**Réamhrá** 4

Aidhmeanna an Leabhráin seo 4
Cén fáth go nDíreofaí ar an Timpeallacht Fhisiciúil? 4
Prionsabail Threoracha 5

**Mír 1: Scoláirí mar Chomhoibrithe** 6

Samhail Rannpháirtíochta Lundy 6
Ionchur Bríoch Scoláirí 7

**Mír 2: Compord Céadfach** 10

Bí i do Bhleachtaire Céadfach 10
Cad is Féidir linn a Fheiceáil? 12
Cad is Féidir linn a Chloisteáil? 13
Spás a Chruthú don Chiúnas 14

**Mír 3: Tearmann Eagraithe** 16

Criosú 17
An Féidir leo an Méid a Deirimid a Fheiceáil? 22
Stóráil Ábhar 24

**Mír 4: Ar an Taobh Eile den Deasc** 26

Foghlaim Ilchéadfach 26
Ag Obair ar an Urlár 26
Dromchlaí Eile a Úsáid 30
Suíocháin Ghníomhacha 32

**Conclúid** 35

**Tagairtí** 36

**Acmhainní Ábhartha** 38

**Aguisín – Uirlis Scagtha Chéadfaigh Seomra Ranga** 39

 © CNOS 2024

# Gluais

- **Feidhmiú Feidhmiúcháin**
  Is éard is feidhmiú feidhmiúcháin ná na próisis mheabhrach a chuireann ar ár gcumas pleanáil a dhéanamh, aird a dhíriú, cuimhneamh ar threoracha agus roinnt tascanna a dhéanamh ag an am céanna. Teastaíonn an tacar sainscileanna seo ón inchinn le cur isteach a scagadh, tús áite a thabhairt do thascanna, spriocanna a leagan amach agus a bhaint agus spreagthaí a rialú (Ollscoil Harvard, 2015).

- **Oideachas Ionchuimsitheach**
  Próiseas leanúnach é Oideachas Ionchuimsitheach faoi mar a shainmhínítear sa CNOS (2024) atá dírithe ar oideachas ardchaighdeáin a chur ar fáil do gach duine agus meas á léiriú ag an am céanna ar éagsúlacht agus ar riachtanais agus cumas éagsúil, saintréithe agus ionchais foghlama na scoláirí agus na bpobal, a chuireann deireadh le gach saghas idirdhealaithe (UNESCO, 2009).

- **Néara-éagsúlacht**
  Is é Néara-éagsúlacht an coincheap ina bpróiseálann gach inchinn eolas ar bhealach éagsúil. Cuirtear gach duine san áireamh i néara-éagsúlacht agus tugann sí chun solais conas a smaoiníonn gach duine agus a dhéanann siad cumarsáid agus a bhraitheann siad an domhan timpeall orthu ar bhealach uathúil. Laistigh de seo, d'fhéadfadh daoine a bheith néara-éagsúil nó néaraitipiciúil. Tá inchinní néara-éagsúla agus néaraitipiciúla ann araon go nádúrtha (Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin, 2023).

- **Néaraitipiciúil**
  Tagraíonn néaraitipiciúil do dhaoine a dtagann forbairt ar n-inchinní agus a phróiseálann a n-inchinní ar bhealach atá cosúil leis an tromlach (Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin, 2023).

- **Néara-éagsúil**
  Tagraíonn néara-éagsúil do dhaoine a dtagann forbairt ar n-inchinní agus a phróiseálann a n-inchinní ar bhealach atá an-éagsúil ón tromlach (Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin, 2023). Cuimsítear ann seo difríochtaí néarafhorbartha, cosúil le huathachas, neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde (ADHD), disléicse agus riochtaí eile. Déanann daoine néara-éagsúla taithí éagsúil a fháil ar an domhan agus idirghníomhú éagsúil leis an domhan. Ba cheart na difríochtaí seo a chur san áireamh agus a spreagadh (Néara-Éagsúlacht Éireann (Neurodiversity Ireland), 2024).

- **Rannpháirtíocht**
  Glactar leis gurb éard is ciall le rannpháirtíocht ná tasc 'a dhéanamh', ach teastaíonn príomhghnéithe eile chun go mbíonn rannpháirtíocht bhríoch i gceist, cosúil le ceangal sóisialta, spreagadh agus, thar aon ní eile, rogha (Maciver, 2019). Tagraíonn rannpháirtíocht ghairme do 'rannpháirtíocht in obair, i súgradh, nó i ngníomhaíochtaí na maireachtála laethúla atá mar chuid dár gcomhthéacs soch-chultúrtha agus atá inmhianaithe nó riachtanach ar mhaithe lenár bhfolláine (Kielhofner, 2008).

- **Rialú an Fhéin**
  Is é rialú an fhéin an cumas leibhéal fuinnimh, mothúcháin, aird, idirghníomhú sóisialta agus machnamh agus iompar próshóisialta a thuiscint, a mhionathrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu (Shanker, 2013).

- **Dearadh Uilíoch**
  Is éard is Dearadh Uilíoch (UD) ann timpeallacht a dhearadh agus a chruthú chun gur féidir le gach duine, gan aird ar a n-aois, a méid, a gcumas nó a míchumas, teacht uirthi, a thuiscint agus a úsáid (an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch, 2024).

- **Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim**
  Cur chuige é Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) i leith forbairt curaclaim a dhéanann rochtain, rannpháirtíocht, agus dul chun cinn do gach foghlaimeoir a chur chun cinn. Buntacaíonn taighde ar néareolaíocht le UDL agus tá mar chuspóir aige ní hamháin na torthaí foghlama, ach an t-eispéireas foghlama do gach scoláire, a fheabhsú. Foghlaimíonn scoláirí ar bhealach éagsúil agus caithfear níos mó solúbthachta a chur san áireamh in oideolaíocht agus níos mó de rogha a thabhairt do scoláirí chun gach scoláire a mhúineadh go héifeachtach (an Lárionad um Theicneolaíocht Speisialta Fheidhmeach (Center for Applied Special Technology), 2018).


© CNOS 2024

## Séanadh

Tá an fhreagracht ar an múinteoir seomra ranga as na hathruithe uile a dhéantar laistigh de thimpeallacht an tseomra ranga. Tá an múinteoir freagrach as a chinntiú go gcuirtear gach oiriúnú sa seomra ranga i bhfeidhm go sábháilte agus ar aon dul le beartas na scoile.

Tá sé tábhachtach go mbíonn an múinteoir ar an eolas ar chumas scoláirí chun go mbíonn na hathruithe a dhéantar ar an timpeallacht oiriúnach agus inrochtana do chách. Tá an múinteoir freagrach as an baol a mheas sula gcuirtear aon athruithe timpeallachta i bhfeidhm.

## Ráiteas ar Fhriotal

Aithníonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) an éagsúlacht atá ann sa fhriotal a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar riachtanais oideachais agus ar mhíchumas. Is é 'duine nó duine aonair faoi mhíchumas' an rogha téarma, nó is fearr friotal tús áite don duine a úsáid, i gcás roinnt daoine aonair. I gcás daoine eile, is fearr leo go n-úsáidtear 'friotal tús áite d'fhéiniúlacht' (IFL), mar shampla 'uathach'. Tá an téarma 'néara-éagsúil' ag teacht chun cinn mar an rogha téarma le daoine aonair, agus a éagsúla atá siad, a aithint. Ar mhaithe le cur chuige ionchuimsitheach a leabú, úsáideann an CNOS gach ceann de na trí théarma go hidirmhalartaithe.

Lena thabhairt le fios gur dearadh an cháipéis seo do leanaí agus daoine óga idir 4 agus 18 mbliana d'aois i ngach saghas scoile, tá úsáid chomhsheasmhach bainte againn as an téarma 'scoláire' tríd síos.

Amhail ó 2024, agus chomh fada agus is eol dúinn, úsáidtear friotal agus cleachtais sa cháipéis seo atá ar aon dul leis an taighde agus leis an bhfianaise reatha. Aithnímid gur féidir le friotal agus an méid a cheaptar atá ina dhea-chleachtas maidir le friotal teacht chun cinn le himeacht ama.


## Buíochas

D'oibrigh Teiripeoirí Saothair an CNOS i gcomhar le roinnt scoileanna leis an leabhrán seo a fhorbairt. Thug na scoileanna seo cead go gcuirfí grianghraif dá seomraí ranga san áireamh sa cháipéis seo. Ba mhaith leis an CNOS buíochas a ghlacadh leis na scoileanna seo a leanas as páirt a ghlacadh:

- **Bunscoil Phádraig, Droichead Nua**
- **Scoil Bhríde, Áth Garbháin**
- **Bunscoil Shinsearach Loreto, Cromghlinn**
- **Coláiste Naomh Labhrás, Baile Uí Lachnáin**

D'aontaigh Bunscoil Phádraig go cineálta chun páirt a ghlacadh i gcleachtadh cleachtais athmhachnaimh. Baineadh triail ar feadh dhá sheachtain in dhá sheomra ranga Rang 6 as réimse suíochánra dhinimiciúil agus baineadh triail as atheagrú a dhéanamh ar an troscán sa seomra ranga. Ba é cuspóir an chleachtaidh seo peirspictíochtaí na scoláirí agus an mhúinteora a fhiosrú maidir leis an tionchar a cheaptar a imríonn na hathruithe seo ar fhoghlaim agus ar thaitneamh a bhaint as an scoil. Tá machnamh na scoláirí agus an mhúinteora curtha san áireamh ar fud na cáipéise seo.






© CNOS 2024

# Réamhrá

Trí aird a dhíriú ar thimpeallacht an tseomra ranga, déanaimid domhan féidearthachtaí a nochtadh inar féidir le gach scoláire a bhraistint sábháilte, go dtugtar faoi deara iad, go léirítear luach orthu, agus go bhfuil ar a gcumas foghlaim. Trí inathraitheacht ár scoláirí a chur san áireamh agus trí na bacainní a íoslaghdú atá roimh rannpháirtíocht, is féidir linn atmaisféar muintearais agus fáis a shaothrú. Cibé acu má tá leanaí 6 bliana d'aois nó 17 mbliana d'aois á múineadh agat, tá súil againn go mbeidh an leabhrán seo ina uirlis luachmhar chun cabhrú leat timpeallacht ionchuimsitheach foghlama a chothú do gach duine.

## Aidhmeanna an leabhráin seo

Forbraíodh an leabhrán seo chun cabhrú le múinteoirí athbhreithniú agus athruithe a dhéanamh ar thimpeallacht fhisiciúil a seomra ranga a thacóidh le rannpháirtíocht bhríoch scoláirí san fhoghlaim. Is é an bealach is fearr is féidir leat idirghníomhú leis an leabhrán seo:

- Na rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo cheana féin faoi mar a eagraítear do sheomra ranga faoi láthair a thabhairt faoi deara.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an réimse straitéisí praiticiúla, bunaithe ar straitéisí atá bunaithe ar fhianaise.
- Cuid de na moltaí a chur i bhfeidhm ar thimpeallacht do sheomra ranga.
- Machnamh ar bhonn aonair agus le do scoláirí ar na hathruithe, agus oiriúnú dóibh, faoi mar is gá.

Tá an leabhrán do mhúinteoirí a oibríonn in:

- Bunscoileanna
- Iar-bhunscoileanna
- Ranganna speisialta
- Scoileanna speisialta

Aithnímid nach ionann aon dá sheomra ranga nó aon dá ghrúpa scoláirí. Spreagaimid thú an leabhrán seo a úsáid le himeacht ama, machnamh a dhéanamh ar na smaointe a sholáthraítear ann agus na rudaí a shainaithint a n-éireoidh go maith leo i do sheomra ranga. Spás solúbtha agus inoiriúnaithe é an seomra ranga. Dá bharr, níor cheart go mbeadh coigeartuithe a dhéantar ar an spás statach ach, ina ionad sin, ba cheart athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu agus ba cheart dóibh teacht chun cinn mar fhreagairt do riachtanais athraitheacha na scoláirí.

## Cén fáth go Díreofaí ar an Timpeallacht Fhisiciúil?

Tá gach rud i dtimpeallacht fhisiciúil an tseomra ranga a bhraithimid trínár gcéadfaí. Ina measc, tá:


- **Na rudaí a fheicimid**, cosúil le foghlaim taispeáintí, scáileáin, leagan amach deisce agus foinsí nádúrtha agus saorga solais.
- Na **fuaimeanna a chloisimid**, cosúil le crónán an teilgeora, scréach na gcathaoireacha nuair a bhogtar iad agus airde thorainn an chláir bháin idirghníomhaigh.
- Na **bolaithe a bholaímid** ón gceaintín nó an cumhrán a chaitheann an múinteoir.
- Na **huigeachtaí a leagaimid lámh orthu,** cosúil le hábhair ealaíon agus cheardaíochta, bia agus rudaí a thaitníonn linn a bheith ag útamáil leo.

Glacann eagrú agus struchtúr an spáis agus na n-ábhar laistigh den seomra léitheoireachta le príomhról sa bhealach a bhainistíonn scoláirí a spreagadh céadfach chun gur féidir leo a bheith in ann tabhairt faoi ghníomhaíochtaí foghlama an lae.

 © CNOS 2024

Imríonn an bealach a eagraímid ár seomra ranga tionchar díreach ar thorthaí oideachais gnóthachtála, freastail, sonais agus neamhspleáchais na scoláirí (Douglas et al., 2012). Tugann fianaise le fios go n-imríonn saintréithe fisiciúla spásanna foghlama tionchar suntasach ar dhul chun cinn oideachais. Deimhníodh sa staidéar Fianaise agus Dearadh Iomlánaíoch (Holistic Evidence and Design (HEAD)) le Barrett agus a comhghleacaithe (2015) gur timpeallachtaí foghlama is cúis le 16% den éagsúlacht i ndul chun cinn foghlama daltaí in aon bhliain amháin.

Leagtar béim i gcleachtas dearbhaithe néara-éagsúlachta ar a thábhachtaí atá sé néara-éagsúlacht a cheiliúradh agus luach a léiriú ar na bealaí éagsúla ina mairtear agus ina ndéantar. Díríonn sé ar an timpeallacht a athrú chun rannpháirtíocht a chur chun cinn, seachas iarracht a dhéanamh iompar a athrú (Rajotte et al., 2024). Tacaítear i dtaighde ar oideachas ionchuimsitheach a rinne UNESCO (2020) le timpeallachtaí scoile agus seomra ranga a oiriúnú ar dtús do riachtanais agus do láidreachtaí na scoláirí uile chun gur féidir leo a bhraistint go léirítear luach agus meas orthu i scoileanna, go bhforbraíonn siad a lánchumas, agus go mbraitheann siad fíorbhraistint chómhuintearais. Beidh tuiscint níos fearr ar éagsúlacht i seomraí ranga ionchuimsitheacha ina dtacaítear le gach scoláire. Cothóidh an tuiscint agus an fheasacht seo ar dhifríocht ionbhá níos mó i measc daoine óga, agus cabhróidh sé le sochaí níos ionchuimsithí a fhorbairt (an CNOS, 2024).




**Samhail néara-ionchuimsitheach a thacaíonn le rannpháirtíocht bhríoch agus le folláine do scoláirí néara-éagsúla agus lena bpiaraí, faoi mar a luaitear in Rajotte et al. (2024)**

## Prionsabail Threoracha

Tá mar aidhm ag Dearadh Uilíoch (UD) agus ag Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) comhdheiseanna a sholáthar do gach scoláire an rath a bhaint amach, is cuma cén bealach a fhoghlaimíonn siad.

- Déantar seo trí **Dhearadh Uilíoch** trí bhacainní fisiciúla agus struchtúracha a bhaint.
- Déantar seo trí **Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim** trí fhormáidí iolracha agus ilchineálacha a sholáthar do theagasc agus d'fhoghlaim.

Soláthraítear sna cuir chuige soláthair seo léargas dúinn scrúdú a dhéanamh ar ár seomraí ranga agus deiseanna a shainaithint le tionchar dearfach a imirt ar na heispéiris foghlama do gach scoláire.

 © CNOS 2024

# Mír 1: Scoláirí mar Chomhoibrithe


Bíonn an seomra ranga ina thaithí éagsúil do scoláirí agus do mhúinteoirí. Ó thaobh seomra ranga a dhearadh, ar an ábhar sin, tá ionchur ón scoláire bunriachtanach. Is féidir linn aistriú ó dhearadh dár scoláirí i dtreo dearadh a dhéanamh lenár scoláirí trí chaitheamh leo mar chomhdhearthóirí an tseomra ranga.

Is féidir do sheomra ranga a dhearadh le hionchur ó scoláirí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Tionchar dearfach a imirt ar mhothúcháin agus ar rannpháirtíocht scoláirí san fhoghlaim (Gremmen et al, 2016).
- Tacú le scoláirí a bhraistint go bhfuil siad cumasach agus go dtuigtear iad.
- Úinéireacht scoláirí ar an spás a chur chun cinn (Hare et al., 2016).
- Scoláirí a spreagadh na spásanna a úsáid agus idirghníomhú leo go hoiriúnach.

## Samhail Rannpháirtíochta Lundy

Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht bhríoch scoláirí ná an próiseas ina spreagtar scoláirí mar chomhpháirtithe i ngach gné d'athrú na scoile. Próiseas praiticiúil í Samhail Rannpháirtíochta Lundy chun rannpháirtíocht scoláirí a chothú trí mheas a léiriú ar dhearcthaí scoláirí. Tá ceart ag scoláirí a ndearcthaí, a mothúcháin agus a mianta a chur in iúl maidir le gach rud a dhéanann difear dóibh. Ba cheart a ndearcthaí a chur san áireamh agus ba cheart caitheamh leo mar is ceart. Buntacaíonn Samhail Lundy lenár gcur chuige i leith comhoibriú scoláirí ar fud an leabhráin seo.




**Samhail Rannpháirtíochta Lundy ón gCreat Rannpháirtíochta: An Creat Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige.**

 © CNOS 2024


## Ionchur Bríoch Scoláirí

Cinntíonn scoláirí a thabhairt san áireamh i ndearadh seomra ranga go gcuirtear a nglórtha san áireamh sula ndéantar na hathruithe, fad atá siad á ndéanamh agus i ndiaidh go ndearnadh iad. Pléann Rebecca Louise Hare agus Robert Dillon sa leabhar 'The Space: A Guide for Educators' (2016) conas scoláirí a thabhairt san áireamh nuair atá spás an tseomra ranga á leagan amach trí na céimeanna seo a leanas:




Braithfidh conas a léiríonn scoláirí a ndearcthaí ar aois agus ar phróifíl do rang-ghrúpa. Is iad an dá eochaircheist ba cheart a fhreagairt:

1. Cén rudaí sa seomra ranga a chabhraíonn leat foghlaim?
2. Cén difríocht ba mhaith leat a thabhairt faoi deara sa seomra ranga seo chun cabhrú leat foghlaim?





© CNOS 2024

## Samplaí de conas is féidir leat scoláirí a éascú a ndearcthaí a chur in iúl:

### Meitheal Mhachnaimh
Plé oscailte lena dheimhniú cad is mó a bhfuil acu leis dá seomra ranga.

### Ceistneoir na Scoláirí
Formáid scríofa nó leictreonach do scoláirí lena ndearcthaí a léiriú roimh agus i ndiaidh go ndéantar athruithe ar a seomra ranga.

### Tiomsú i Leabhar Gearrthóg
Tobsmaointeoireacht íomhánna ar líne ina n-aimsíonn scoláirí 3-5 íomhá de smaointe do thimpeallacht seomra ranga a thacódh lena bhfoghlaim.

### An Seomra Ranga is Ansa Liom
Tabhair cuireadh do scoláirí póstaeir a tharraingt, samhlacha a dhathú, a phéinteáil nó a dhéanamh den chuma a bheadh ar an seomra ranga is ansa leo.

### Ábhair Amhairc a Úsáid
Úsáid ábhair amhairc de spásanna, fiafraigh díobh na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo. Iarr orthu na cúiseanna a roinnt atá leis agus na rudaí a fheiceann siad a chatagóiriú.

### Grianghrafadóireacht
Úsáideann scoláirí ceamaraí nó táibléid le pictiúir a ghlacadh de rudaí a chabhraíonn leo foghlaim.

### Bosca Moltaí
Coimeád spás i do sheomra léitheoireachta atá dírithe ar aiseolas scoláirí a sheiceáiltear go minic.

### Vótáil
Roghnaíonn scoláirí an áit is fearr leo agus bogann siad chuig an áit sin.

### Grúpa Fócais
Má tá grúpaí ranga iolracha sa seomra ranga céanna, socraigh go gcasann grúpa níos lú scoláirí ó gach rang ar a chéile lena ndearcthaí a chur in iúl.

## I gcás scoláirí nach bhfuil ag caint go fóill:


### Cumarsáid Iomlán
Úsáid cláir roghanna, cláir chumarsáide, grianghraif nó earraí.

### Breathnóireacht
Nuair a chaitheann scoláirí go leor dá gcuid ama sa seomra ranga, cuir seo san áireamh agus tabhair an spás seo isteach níos mó ina bhfoghlaim.

### Comhoibriú
Fiafraigh dá dteaghlach nó dá n-iarmhúinteoirí cad a cheapann siad a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil i dtimpeallacht an tseomra ranga chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht.

**Ní liosta críochnaitheach é seo. Ná bíodh drogall ort do smaointe féin a chumadh bunaithe ar aois agus ar phróifíl do ranga.

 © CNOS 2024



## My thoughts and feelings on the changes to my classroom

**How do you feel about the changes to your classroom?**

*Circle the picture*

Don't Like — Not Sure — Like (circled)

**Why did you pick this answer?**

I love to be able to move arond like wobbling on the wobble chair. I love the standing table because I can move my legs insted of my whole body. With the yoga balls you can ~~bouncy~~ bounce on it because sometimes it helps me focise.

**Go to your favourite area of the classroom/ where you work best... and WAIT**

**The area I chose was** the standing table.

**Why I chose this area?** *Write/Draw*

I love the standing table because I can move my legs insted of my whole body and if you get tiyerd of standing you can just grab a chair ~~from~~ from the corner. Or you can get a wobble chair and its the perfect combonashen.



Sampla de ghlór na scoláirí a chur san áireamh

Is féidir le hathruithe ar ghnáthamh nó ar thimpeallacht a bheith strusmhar do scoláirí agus cur isteach orthu.

Tugann timpeallacht intuartha a bheith acu le fios dóibh go bhfuil siad sábháilte.

Is tábhachtach, dá bharr, scoláirí a thabhairt san áireamh sa phróiseas agus iad a ullmhú d'aon athruithe ar an timpeallacht.


© CNOS 2024

# Mír 2: Compord Céadfach

Imríonn gnéithe céadfacha ár seomraí ranga tionchar díreach ar rannpháirtíocht agus ar idirchaidreamh oibre scoláirí. Is féidir le spásanna foghlama ina ndéantar **an iomarca spreagadh céadfach nó nach ndéantar dóthain spreagadh céadfach** iontu bac a chur ar rialú fuinnimh, ar aird agus ar ullmhacht an scoláire chun tabhairt faoi fhoghlaim – (O'Reilly agus O'Donnell et al., 2023).

Próiseálann go leor dár scoláirí an domhan céadfach mórthimpeall orthu ar bhealaí éagsúla agus is féidir leis an seomra ranga a bheith ina áit an-ghnóthach agus ina mbaintear geit as scoláirí i measc go leor díobh. Pléann an eagraíocht Oideachas ar Chomhtháthú Céadfach (Sensory Integration Education) (2023) conas a chuireann seomraí ranga atá ionchuimsitheach ó thaobh cúrsaí céadfacha de le dearadh uilíoch (UD) tríd an timpeallacht a dhéanamh inrochtana ó pheirspictíocht chéadfach de. Déantar spreagthaí céadfacha a mhúnlú i seomraí ranga ina dtacaítear le cúrsaí céadfacha ar bhealach a chumasaíonn daoine aonair néara-éagsúla páirt iomlán a ghlacadh agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an spás fisiciúil. Is é an rud is fearr ná go mbaineann gach scoláire tairbhe as seomra ranga ionchuimsitheach ó thaobh cúrsaí céadfacha de atá compordach agus fáilteach.

Tá roinnt **céimeanna praiticiúla ar féidir linn tabhairt fúthu lenár míchompord céadfach dár mic léinn a laghdú nó a bhaint.**

## Bí i do Bhleachtaire Céadfach




Is féidir le tabhairt faoi iniúchadh céadfach ar do sheomra tacú leat machnamh faoi do spás ó thaobh cúrsaí céadfacha de. Tá **Uirlis Scagtha Chéadfaigh Seomra Ranga an CNOS** (féach Aguisín 1) roinnte ina 5 mhír.

Caitear súil i ngach mír ar chóras éagsúil céadfach agus cuirtear liosta ar fáil duit de ráitis dea-chleachtais le cur san áireamh maidir le do sheomra ranga. Moltar duit i ngach mír machnamh a dhéanamh faoi na rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo cheana féin agus ar na rudaí ar féidir leat tabhairt fúthu níos minice le compord céadfach do spáis a mhéadú.

 © CNOS 2024

## Ráitis Dea-Chleachtais le Cur san Áireamh

### Soilsiú an tSeomra Ranga

- ○ Ní úsáidtear solas saorga ach nuair is gá.
- ✓ Seiceáiltear agus athraítear soilse fluaraiseacha go rialta (le caochadh a sheachaint).
- ○ Cinntítear nach dtagann ach a laghad solas caochta agus is féidir isteach trí dhallóga.
- ✓ Cuirtear dromchlaí frithchaiteacha, cosúil le cláir bhána, in áit ina ndéantar a laghad frithchaitheamh/dalladh agus is féidir. Déantar monatóireacht ar an áit a lonraíonn solas na gréine isteach sa seomra ranga nuair atá an ghrian íseal sa spéir.
- ✓ Seachnaítear taispeáintí agus póstaeir a chur in airde ar fhuinneoga.

### Dathanna na mBallaí

Is féidir le dathanna sa seomra ranga a bheith róspreagthach nó gan a bheith spreagthach go leor:

- ○ D'fhéadfadh go leor dathanna geala ar na ballaí, cosúil le dearg nó oráiste, a bheith róspreagthach. D'fhéadfadh nach bhfuil gnáthbhallaí bána nach bhfuil mórán gnéithe datha orthu spreagthach go leor.
- ✓ Cabhraíonn cúlra suaimhneach ar a bhfuil gnéithe breise datha leis an leibhéal is fearr spreagtha a chruthú. Is féidir an cúlra seo a chruthú trí dhathanna a úsáid ar throscán, fearastú bog, taispeáintí balla agus ar chláir fógraí.
- ○ Is féidir le dathanna éagsúla a bheith ar bhallaí cabhrú le háiteanna laistigh den seomra ranga a idirdhealú. Mar shampla, cuirtear péint ghorm éadrom ar na ballaí sa chúinne suaimhneach i gcúinne an tseomra.

## Cad leis a bhfuil ag éirí go maith linn?
## Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh leis an gcompord céadfach a mhéadú?

- Múchaim soilse agus úsáidim soilsiú nádúrtha a mhéid agus is féidir.
- Táim ar an eolas cheana féin ar dhallrú féideartha ar an gclár bán.
- Déanaim iarracht i gcónaí úsáid a bhaint as dathanna níos séimhe mar dhath cúlra ar thaispeáintí foghlama.
- Bainfidh mé na saothar ealaíne go léir ar na fuinneoga.
- Breacfaidh mé síos cathain a lonraíonn an ghrian díreach isteach san fhuinneog. Is féidir liom meabhrúcháin laethúla a shocrú ar mo ghuthán chun dallóga a dhúnadh ag an am seo ar laethanta dea-aimsire nó tacú leis na scoláirí chun é seo a dhéanamh.
- Déanfaidh mé athbhreithniú ar an gcáipéis Seomraí Ranga Cliste (Clever Classrooms).
- Cuirfidh mé éifeachtaí an datha san áireamh nuair a chuirim aon fhearastú bog isteach i mo sheomra ranga.
- Cuirfidh mé cárta ar a bhfuil dath suaimhneach (gorm agus glas éadrom) ar limistéar an bhalla ag an spás scíthe.

**Mír shamplach ó Uirlis Scagtha Chéadfaigh Seomra Ranga a cuireadh i gcrích**



© CNOS 2024

## Cad is Féidir linn a Fheiceáil?

Nuair a dhéanann tú machnamh ar na gnéithe amhairc de dhearadh do sheomra ranga, cuir ‘simplíocht’ san áireamh. Is í an sprioc spás a eagraítear ó thaobh cúrsaí amhairc a chruthú ina gcuirtear braistint suaimhnis agus compord céadfach chun cinn agus ina laghdaítear na héilimh ar chórais chéadfacha na scoláirí. Is féidir le spreagthaí amhairc (póstaeir, taispeáintí, troscán) a eagrú agus ‘spás ar bhallaí bána’ a úsáid go cúramach cabhrú le haird scoláirí a tharraingt ar spreagthaí tábhachtacha agus cur leis an bhfoghlaim (Hare agus Dillon, 2016).

**Smaoinigh faoi cad a chuireann tú ar do spás balla:**


- An bhfuil spás dóthanach scíthe amhairc ann?
- A ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar na taispeáintí foghlama ar aon dul le do phlean múinteoireachta?
- An bhfuil spás ainmnithe ann ina dtaispeántar obair na scoláirí? An bhfuil teorainneacha soiléire timpeall air?
- An féidir le scoláirí freagracht a ghlacadh as an taispeántas a chothabháil agus a athrú go rialta? Tacaíonn seo le braistint úinéireachta agus cinntíonn sé go mbíonn taispeántais cuspóireach agus cothrom le dáta.
- An ndearna tú machnamh ar ghnéithe feidhmiúla an datha i do spás? Is féidir le pailéid neodracha aontonacha, ina bhfuil stráicí datha a thugtar isteach trí ghnéithe dearaidh an tseomra cabhrú leis na héilimh amhairc ar chórais amhairc scoláirí.
- An bhfuil deiseanna ann leis an soilsiú a cheartú i gcaitheamh an lae? An féidir linn an úsáid a bhaintear as solas nádúrtha a uasmhéadú?
- An bhfuil deiseanna ann soilsiú bog nó lampaí a úsáid? Tugadh le fios i dtaighde go gcabhraíonn solas bog agus nádúrtha an lae le braistint compoird fhisiciúil agus meabhrach laistigh den seomra ranga (Barret et al., 2015).




© CNOS 2024

## Cad is Féidir linn a Chloisteáil?

Is tábhachtach fuaimíocht a chur san áireamh nuair atá seomraí ranga atá ionchuimsitheach ó thaobh cúrsaí céadfacha á ndearadh. Cé gur féidir leis an bhformhór dul i dtaithí ar leibhéil torainn éagsúla, d'fhéadfadh seo a bheith i bhfad níos deacra ar scoláirí a bhfuil difríochtaí céadfacha acu. Is féidir le drochthimpeallachtaí fuaimiúla tionchar diúltach a imirt ar chumas scoláirí teacht ar fhoghlaim agus páirt bhríoch a ghlacadh inti.




D'fhéadfadh na hiarrachtaí breise is gá do scoláirí a dhéanamh le neamhaird a thabhairt ar fhuaimeanna neamhriachtanacha nó iomaíocha sa chúlra cur isteach go mór ar scoláirí nó tuirse a chur orthu.



D'fhéadfadh fuaimeanna míchompord a chur ar scoláirí nó cur isteach go mór orthu.



D'fhéadfadh fuaimeanna nach mbíonn súil leo strus a chur ar scoláirí nó cur isteach orthu.

Le hiarracht a dhéanamh compord fuaimiúil do sheomra ranga a uasmhéadú, smaoinigh ar an méid seo a leanas:

- An bhfuil torainn sa chúlra is féidir leat a laghdú?
- An féidir leat fuaimeanna a dhéanamh níos intuartha? Mar shampla, trí scálaí gutha a úsáid?
- An féidir leat ábhair a shúnn fuaim a thabhairt isteach le frithchaitheamh fuaime laistigh den seomra ranga a laghdú?










© CNOS 2024

## Spás a Chruthú don Chiúnas

Tugtar chun solais in Innéacs Dearaidh Uathachais ASPECTSS* (Mostafa, 2015) an tábhacht a bhaineann le tráthanna agus spásanna a chruthú don chiúnas laistigh den seomra ranga gach lá. Glacann sé le ról tábhachtach i dtaobh tacú le scoláirí aghaidh a thabhairt ar éilimh chéadfacha ghnáthamh na scoile. Is féidir le deis a bheith ag scoláirí teacht a bheith acu ar **chúinne ciúin** sa seomra ranga tairbhe a chruthú do go leor scoláirí, scoláirí ina measc a bhfuil difríochtaí céadfacha acu, scoláirí a dteastaíonn tacaíocht uathu chun a mothúcháin a rialú nó scoláirí atá thíos le heachtra strusmhar sa bhaile. De réir Whiting agus a comhghleacaithe (2021), is straitéis uilíoch réamhghníomhach é spás ciúin a chruthú chun mórtas pobail, sábháilteacht bhraite agus leigheas a fhorbairt ar fud an tsuímh oideachais.

Is féidir le spásanna ciúine:

- Cabhrú le scoláirí a gcorp agus a n-aigne a ullmhú don fhoghlaim agus d'idirghníomhú.
- Tacú le scoláirí fuinneamh athfhuinnmhiú agus fuinneamh agus mothúcháin a rialú.
- Ró-ualach céadfach i measc scoláirí a laghdú.
- Deiseanna a sholáthar do scoláirí teacht ar straitéisí rialaithe céadfacha.

Braithfidh spás ciúin a shocrú i do sheomra ranga ar shuíomh do scoile, ar mhéid an ranga agus ar an spás atá ar fáil. Seo roinnt rudaí tábhachtacha le cur san áireamh:

- **Cá bhfuil an spás suite?**
  Ar aon dul le dea-chleachtas, molaimid tacaíochtaí a sholáthar i dtimpeallacht foghlama laethúil an scoláire. D'fhéadfadh an áit seo a bheith i gcúinne seomra, laistiar de leabhragán, i bpreabphuball nó faoi dheasc. Is fearr go mbíonn níos lú spreagthaí amhairc ann.

  B'fhéidir nach féidir spásanna ciúine a shocrú i ngach seomra ranga in **iar-bhunscoileanna**, mar sin, b'fhéidir gur gá dúinn a bheith beagán cruthaitheach faoin mbealach is féidir linn tráthanna ciúine a chruthú dár scoláirí. Mar shampla;
  - Roghanna suíochán a chur ar fáil chun gur féidir le scoláirí a roghnú suí i spás oibre níos ciúine.
  - Tráthanna ciúine a thabhairt isteach i do cheacht (sosanna a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh, sosanna a ghlacadh chun gluaiseachtaí aireacha a dhéanamh).
  - Cuir spásanna ciúine ar bun in áiteanna a bhfuil teacht ag scoláirí orthu (leabharlann, seomra tacaíochta, rang speisialta).

- **Cad atá sa spás?**
  - Rud éigin atá compordach le suí air nó ann – mar shampla, cúisíní, málaí pónairí, suíochán bog nó ruga.
  - Uirlisí rialaithe céadfacha – mar shampla, earraí méirínteachta láimhe, ceap breacaireachta nó ceol suaimhneasach.

- **Conas is féidir liom tacú le scoláirí an spás seo a úsáid?**
  - Páirt a thabhairt do scoláirí nuair atá an spás á chur ar bun.
  - An rang a chur ar an eolas ar an spás agus a mhíniú conas a chabhróidh sé le scoláirí ina lá scoile.
  - Ionchais shoiléire a leagan amach maidir le húsáid éifeachtach a bhaint as an spás.

Is féidir teacht ar eolas níos mionsonraithe ar conas spás céadfach a chur ar bun i do scoil i **leabhrán an CNOS 'Spásanna Céadfacha i Scoileanna'**.


© CNOS 2024



Bíodh na scoláirí páirteach nuair atá na hábhair á roghnú don spás ciúin. Tabhair cuireadh do na scoláirí ainm a thabhairt ar an spás seo.




**Samplaí de spásanna ciúine i seomraí ranga bunscoile**


© CNOS 2024

# Mír 3: Tearmann Eagraithe

Tá go leor leor grianghraf agus postálacha ar líne ina dtaispeántar seomraí ranga a bhfuil cuma dheas orthu. Ní foláir dúinn machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leis an seomra ranga tacú leis an sprioc dheiridh chun a chinntiú gur féidir le gach scoláire páirt bhríoch a ghlacadh i bhfoghlaim. Má leagann tú do sheomra ranga amach ar bhealach struchtúrach agus eagraithe, agus má chuirtear compord céadfach san áireamh (Mír 2), is féidir le scoláirí súil a bheith leis an méid a tharlóidh ó cheacht go ceacht agus ó lá go lá. Braitheann scoláirí níos sábháilte nuair a bhíonn intuarthacht agus gnáthamh comhsheasmhach ann. Nuair a bhraitheann scoláire sábháilte i seomra ranga, is mó seans go mbeidh siad á rialú agus sásta le foghlaim (Shanker, 2012).





Déantar plé sa mhír seo ar thrí chroílimistéar a thacóidh leat do sheomra ranga a eagrú agus spás níos intuartha agus níos ionchuimsithí do chách a dhéanamh de:

- Criosú
- Ábhair Amhairc
- Stóráil Ábhar


© CNOS 2024

## Criosú

Straitéis éifeachtach é criosú chun tacú le timpeallacht intuartha agus eagraithe a chruthú. Is é criosú an próiseas ina n-eagraítear do sheomra ranga isteach i spásanna feidhmiúla agus a bhfuil cuspóir leo. Is féidir linn brí a thabhairt do spásanna éagsúla sa seomra ranga dár scoláirí trí úsáid a bhaint as teorainneacha soiléire amhairc agus as leideanna soiléire amhairc. Ba cheart go dtacódh gnéithe fisiciúla an tseomra ranga le gluaiseacht bheartaithe tríd an spás agus ba cheart dóibh leideanna a thabhairt d'iompar agus tacaíochtaí acadúla a sholáthar.

Tuigimid nach féidir leat méid an tseomra ranga a roghnú ina n-oibríonn tú ná na hacmhainní atá ar fáil. Ach is féidir criosú a dhéanamh, mar sin féin, trí mhachnamh cúramach a dhéanamh ar na hacmhainní atá ann faoi láthair. Ní gá gur rud buan é crios. Má thagann athrú ar riachtanais an ranga, b'fhéidir go dtiocfaidh athrú freisin ar fheidhm an chreasa.

### Na Tairbhí a bhaineann le Criosanna a Bhunú sa Seomra Ranga

**Leagtar ionchais shoiléire amach do na scoláirí.**
- Cé chomh fada a bheidh an scoláire sa chrios.
- Cé leis a bhfuil siad ag obair – leo féin, le scoláirí eile, leis an múinteoir.
- An saghas foghlama a thitfidh amach sa chrios – éisteacht, idirghníomhú, scríbhneoireacht, agus foghlaim ó thaithí.
- An leibhéal torainn don fhoghlaim – cogar, guth laistigh.
- An compord fisiciúil don fhoghlaim – an rogha a bheith acu suí ag an mbord, luí ar an mbolg, suí trasna ar a chéile.

Scileanna feidhmithe feidhmiúcháin a fhorbairt agus níos mó deiseanna a bheith ann d'aistrithe a dhéanamh sa rang.

Tacú le hinathraitheacht laistigh den aon timpeallacht foghlama amháin.

Spásanna a chur ar fáil laistigh den seomra ranga ina bhfuil níos lú spreagthaí céadfacha le cur isteach a laghdú.

Is éasca ceachtanna a idirdhealú má thiteann siad amach i gcriosanna éagsúla.

Nuair is féidir le scoláirí súil a bheith leis go dtitfidh an chéad cheacht eile amach i gcrios eile, is féidir leis a **gcumas a mhéadú freastal agus díriú** ar an gceacht atá ar siúl ag an tráth sin.

Cabhraíonn sé le scoláirí leibhéil fuinnimh a rialú. Déanann láthair a athrú agus aistriú idir criosanna an lá scoile a roinnt, a sholáthraíonn sosanna gluaiseachta feidhmiúla.


© CNOS 2024

## Samplaí de Chriosanna Seomra Ranga




**Cúinne Leabharlainne/Léitheoireachta i seomra ranga bunscoile**



**Spás scíthe i seomra ranga iar-bhunscoile**



**Criosanna grúpoibre, teagaisc agus oibre aonair i seomra ranga iar-bhunscoile**

 © CNOS 2024




**Limistéar oibre ar an urlár i seomra ranga bunscoile**



**Criosanna deisce ciúine, tábla teagaisc agus crios grúpoibre i seomra ranga speisialta**


# Conas is féidir liom mo Sheomra Ranga a Chriosú?

## Céim 1: Roghnaigh an crios/na criosanna is mian leat a chruthú

- Ainm an chreasa.
- Aontaigh cathain a bheidh teacht ag scoláirí ar an gcrios.
- Conas a thacóidh sé lena spriocanna foghlama?

## Céim 2: Leag an limistéar amach arís don chrios, agus cruthaigh teorainneacha soiléire. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis seo:

- Troscán seomra ranga a chur in áiteanna eile, mar shampla, seilfeanna leabhar.
- Earraí solúbtha, cosúil le spiaraí nó cláir bhána iniompartha.
- Úsáid dath, cosúil le cuid den bhalla a phéinteáil, nó cárta daite a chur in airde ar an mballa sa spás sin.
- Smaoinigh ar an mbrat urláir a athrú, cosúil le ruga a leagan síos le spás scartha faoi leith a chruthú.





© CNOS 2024

**Céim 3: Cruthaigh ábhair amhairc le feidhm an chreasa agus leis an méid a mbíonn súil leis ó na scoláirí nuair a úsáideann siad an crios a chur in iúl.**




**Limistéar criosaithe don fhoghlaim chomhroinnte ar an mata atá deighilte ag na málaí pónairí ar a bhfuil dathanna éagsúla agus ag an ruga gorm.**

**Céim 4:**

Cuir an rang ar an eolas ar an gcrios nua. Mínigh conas an crios a úsáid trí na hábhair amhairc nua agus trí shamhaltú a dhéanamh.

**Céim 5:**

Déan machnamh i ndiaidh roinnt ama ar conas mar a thaitníonn an crios/na criosanna nua leis na scoláirí. Féach Mír 1 maidir le Guth na Scoláirí chun tacaíocht a thabhairt duit le smaointe faoi conas machnamh a dhéanamh ar éifeachtacht an chreasa go dtí seo le do scoláirí.

**Céim 6:**

Déan athruithe agus déan arís iad, faoi mar is gá. B'fhéidir nach mbeidh an chuma chéanna ar an seomra ranga an bhliain go léir. Ba cheart go bhfreastalódh sé i gcónaí ar riachtanais forbartha do scoláirí. Is í ár sprioc go mbeidh gach scoláire in ann páirt bhríoch a ghlacadh sa timpeallacht foghlama.

## Leideanna Eile

- Uirlis áisiúil é **leabhrán an CNOS 'Spásanna Céadfacha i Scoileanna'** chun spásanna ciúine a chur ar bun.
- Is féidir criosú a úsáid ar leibhéal aonair, grúpa bhig agus ranga iomláin.
- Is fearr crios ina ndéantar torann, mar shampla, spás grúpoibre, a shuíomh amach ó chrios ciúin, cosúil le cúinne ciúin (Shanker, 2019).
- Ba cheart criosanna an tseomra a chuimsiú isteach i do sceideal amhairc trí shiombailí a úsáid a thugann ionchais na gcriosanna le fios. Tacóidh sé le hintuarthacht, ullmhú agus solúbthacht d'aistrithe níos éasca idir ceachtanna.


© CNOS 2024


## An Féidir leo an Méid a Deirimid a Fheiceáil?

Is éard atá i gceist le 'tacaíochtaí amhairc', nó le 'ábhair amhairc' ná earraí, grianghraif, comharthaí, siombailí nó pictiúir a úsáid ar bhealach a thacaíonn le tuiscint, léiriú, ionchuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht. Is féidir le tacaíochtaí amhairc a úsáid tacú le tuiscint scoláirí ar thasc, na hábhair a theastóidh uathu le páirt rathúil a ghlacadh i dtasc, a ról laistigh den tasc sin agus ar an gcéad rud eile a tharlóidh tar éis an taisc sin a chur i gcrích.

Tá ábhair amhairc do dhaoine ar gach aois agus ba cheart iad a úsáid i ngach seomra ranga agus spás roinnte i bhfoirmeacha éagsúla chun tacú le tuiscint agus le cumarsáid i rith an lae scoile.

D'fhéadfaí a áireamh leo:

- Sceidil amhairc ranga uile.
- Sceidil shaincheaptha aonair.
- Amadóirí amhairc.
- Póstaeir nó pictiúir 'ionchais shoiléir'.
- Cupaird agus criosanna a lipéadú.
- Cláir roghanna.





 © CNOS 2024

Méadaíonn tacaíochtaí amhairc a úsáid go comhsheasmhach intuarthacht agus laghdaíonn sé go mór an strus agus an t-ualach cognaíoch ar scoláirí. Tacaíonn ábhair amhairc, ar an ábhar sin, le rialú agus le cumas scoláire tabhairt faoin tasc agus páirt a ghlacadh sa tasc atá idir lámha. Tacaíonn úsáid chomhsheasmhach amhairc chomh maith le scoláirí scileanna tábhachtacha feidhmithe feidhmiúcháin a fhorbairt le haghaidh foghlaim neamhspleách, cosúil le:


- Coimeád ama.
- Iad féin a phleanáil agus a eagrú.
- A n-ábhair a bhainistiú.
- Tús a chur le tasc.
- Tasc srathach ilchéime a chur i gcrích.

Tacaíonn ábhair amhairc le GACH scoláire. Tugtar le fios i dtaighde a rinne Rutherford agus a comhghleacaithe (2020) go n-úsáideann scoláirí nach bhfuil riachtanais bhreise acu amchláir amhairc chomh minic leo siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu. Téann na hábhair amhairc a chuirimid i bhfeidhm do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu chun tairbhe gach scoláire i seomraí ranga go mór mór agus ba cheart iad a úsáid mar straitéis uilíoch ranga uile.

Chun teacht ar eolas breise ar conas ábhair amhairc a chur i bhfeidhm go héifeachtach laistigh de do sheomra ranga, caith súil ar fhoilseachán an CNOS 'Tacaíochtaí  Amhairc laistigh de Thimpeallacht Ionchuimsitheach Foghlama.




**Sceideal amhairc ranga uile samplach**




Scan me to read


© CNOS 2024

## Stóráil Ábhar

Smaoinigh ar na limistéir seo a leanas le tacú níos mó le heagrú an tseomra ranga:

### Stóráil Chliste

Déanann timpeallacht foghlama a chur ar bun ar a bhfuil ord agus struchtúr:

- Castacht amhairc na timpeallachta a laghdú.
- Tacaíocht a thabhairt do chumas scoláirí díriú ar an bhfoghlaim agus páirt a ghlacadh inti.
- Córais a chruthú ina gcothaítear scileanna eagrúcháin agus neamhspleáchas scoláirí.
- Deiseanna a chruthú chun córais eagrúcháin a shamhaltú.

### Cótaí agus Málaí Scoile

- An bhfuil crúcaí cóta do sheaicéid agus do chótaí sa halla nó i spás faoi leith laistigh den seomra ranga?
- An bhfuil cófra nó taisceadán faoi leith ag scoláirí lena málaí a stóráil ann?
- Cabhraíonn sé a sheachaint málaí agus cótaí a stóráil faoi dheasca nó ar chúl cathaoireacha le tranglam amhairc a laghdú agus le braistint spáis a mhéadú.

### Leabhair agus Cóipleabhair

Teastóidh samhaltú comhsheasmhach chun tacú le scoláirí aghaidh a thabhairt go neamhspleách ar chóras chun leabhair agus cóipleabhair a eagrú.


- An eagraítear leabhair agus cóipleabhair de réir ábhar?
- An bhfuil leabhair na scoláirí eagraithe ina dtaisceadán/gcófra agus a ndroimeanna amuigh agus an bhfuil siad curtha i gceann a chéile agus an ceann is mó ag an mbun?
- An úsáideann tú córais dathchódaithe?
  - Greamáin dathchódaithe ar dhroimeanna leabhar, nó
  - Fillteáin dhathchódaithe ina bhfuil na hearraí go léir don ábhar sin san fhillteán.

Tugtar le fios i dtaighde go maireann iompar nach mbaineann le tasc 10% níos faide i ranganna atá an-mhaisithe agus nach bhfuil eagraithe (Fisher, Godwin and Seltman, 2014).



**Limistéar faoi leith do chótaí agus do mhálaí amach ó dheasca i seomra ranga bunscoile**


© CNOS 2024




**Dathchódú agus siombailí a úsáid a mheaitseálann an sceideal amhairc ar chóipleabhair scoláirí chun tacú le neamhspleáchas agus le scileanna feidhmithe feidhmiúcháin**

## Acmhainní agus Uirlisí Seomra Ranga

- An stóráiltear ábhair a úsáidtear gach lá ar leibhéal ar féidir le scoláirí teacht air?
- An úsáideann tú boscaí plaisteacha chun ábhair a stóráil? Is féidir le boscaí trédhearcacha a bheith áisiúil d'ábhair a úsáideann scoláirí go minic chun tacú le hinrochtaineacht agus le neamhspleáchas mar is éasca a bheidh siad le haithint.
- An gcuireann tú lipéad ar bhoscaí stórála? Tacóidh sé le scoláirí freisin chun na hábhair a aithint trí bhoscaí, tarraiceáin agus cófraí a lipéadú trí úsáid a bhaint as focail agus as ábhair amhairc.
- An ndéanann tú **córais stórála a dhathchódú**? Má tá go leor stóráil dhúnta i do sheomra (cófraí agus tarraiceáin etc.), is féidir le heochair na ndathanna a úsáid an t-éileamh cognaíoch a laghdú agus cabhrú le scoláirí fios a bheith acu cad atá á stóráil ann. Mar shampla, tá na soláthairtí ealaíne go léir sa stóráil ar a bhfuil greamán dearg, tá na hacmhainní matamaitice go léir sna cófraí nó i mboscaí ar a bhfuil greamán buí.




**Stóráil shamplach d'ábhair trí úsáid a bhaint as boscaí trédhearcacha ag a bhfuil tacaíochtaí amhairc pictiúir agus téacs**

 © CNOS 2024

# Mír 4: Ar an Taobh Eile den Deasc

Is éard is timpeallacht sholúbtha agus inoiriúnaithe seomra ranga ná timpeallacht ina dtugtar an deis do scoláirí tabhairt faoi shuíomhanna éagsúla oibre i gcaitheamh an lae. Déanann gnáthaimh agus ionchais shoiléire a chur i bhfeidhm anuas ar dheis a thabhairt do scoláirí foghlaim i suíomhanna agus in áiteanna éagsúla ina seomra ranga:




- Tacú leat léargas a fháil ar cathain is mó a bhíonn scoláirí aonair rialaithe agus spreagtha chun foghlaim.
- Tacú le tuiscint na scoláirí féin ar conas is fearr a thugann siad faoina gcuid foghlama.
- Tacú le scoláirí a láidreachtaí agus a roghanna a fhiosrú.
- Scoláirí a éascú a bheith ina bpríomhghníomhairí i leith a bhfoghlama féin.

## Foghlaim Ilchéadfach

Is éard a bhaineann le foghlaim Ichéadfach ná céadfaí iolracha a úsáid, cosúil le radharc, fuaim, teagmháil agus gluaiseacht, chun scoláirí a spreagadh chun gnímh in eispéireas iomlánaíoch agus tumthach oideachais (Shams agus Seitz, 2008). Trí mhódúlachtaí éagsúla céadfacha a thabhairt isteach, is féidir le scoláirí an tuiscint atá acu ar eolas, an t-eolas a choimeádann siad agus a chuireann siad i bhfeidhm a fheabhsú trí dhul i ngleic go gníomhach leis na hábhair. Tacaíonn deiseanna foghlama ilchéadfacha a thabhairt isteach le scoláirí a bhfuil roghanna ar leith éagsúla foghlama acu gnóthú agus an rath a bhaint amach.

Modh tábhachtach foghlama ilchéadfaí do scoláirí ar GACH aois í gluaiseacht. Déanann eispéiris foghlama ina gcuirtear gluaiseacht san áireamh:

- Tacú le rialú leibhéil fuinnimh scoláirí.
- Tacú le scoláirí díriú ar an bhfoghlaim agus páirt a ghlacadh inti.
- Tacú le riachtanais chéadfacha foghlaimeoirí ag a bhfuil difríochtaí céadfacha.
- Spreagadh agus spéis a mhéadú.
- Gníomhaíocht choirp a mhéadú agus an t-am a chaitear neamhghníomhach a laghdú.

Fiosrófar sa mhír seo conas is féidir le leagan amach do sheomra ranga tacú le gluaiseacht a thabhairt isteach san fhoghlaim laethúil.

## Ag Obair ar an Urlár

Ligeann foghlaim ar an urlár do gach scoláire obair i roinnt suíomhanna éagsúla. Déanann foghlaim sna suíomhanna seo na matáin agus na hailt mhóra atá ag scoláirí a chur ag obair. Tá sé seo bunriachtanach chun cobhsaíocht staidiúire, cobhsaíocht ghualainne, smacht ar an rosta agus ar an uilleann a fhorbairt, a chabhraíonn le scileanna mínluaile agus peannaireachta a fhorbairt. Is féidir leis na matáin agus na hailt a mhúscailt ar an mbealach seo tacú le rialú an scoláire chomh maith.

 © CNOS 2024

Ní chruthaíonn obair ar an urlár tairbhí do scoláirí sóisearacha amháin. Cruthaíonn obair ar an urlár níos mó deiseanna do scoláirí in aoisghrúpaí níos sine chun a gcorp a bhogadh thart agus suíomhanna a athrú i bhfad níos éasca i gcomparáid le suí i gcathaoir. Cuireann na micreaghluaiseachtaí seo ionchur luailchéadfach ar fáil don chorp a thacaíonn le spreagadh agus le haird a rialú.



**Guth na Scoláirí bunaithe ar dhearcthaí scoláirí Rang 6 i leith obair ar an urlár**

Ba é an áit ar roghnaigh mé: An tUrlár agus an Tábla Seasaimh

Cén fáth ar roghnaigh mé an áit seo?

Scríobh/Tarraing

Taitníonn sé liom seasamh mar is féidir leat bogadh thart go leor agus is féidir leat cathaoir a fháil freisin más mian leat suí síos.

Tá an t-urlár an-chompordach agus taitníonn na cathaoireacha agus an deasc atá ann liom.

Taitníonn sé liom gur féidir liom mo chosa a bhogadh thart leis an gcathaoir seo.

Is aoibhinn liom an meascán den mhála pónairí agus de dheasc ghlas nó dhearg.


© CNOS 2024

**Is féidir leat deiseanna do do scoláirí chun obair ar an urlár a thabhairt isteach trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:**

- Ruga nó cairpéad mór a leagan i do sheomra ranga. Cruthaíonn seo crios ina bhfuil codanna faoi leith laistigh den spás foghlama. Is féidir deiseanna a thapú ansin chun tabhairt faoi fhoghlaim sa chrios seo gan gá a bheith le troscán a bhogadh.
- Feasacht do scoláirí a fhorbairt ar na suíomhanna go léir inar féidir obair. Chun seo a dhéanamh, beidh ort an rogha suíomhanna a thaispeáint agus conas suí iontu i gceart. Moltar freisin taispeáintí amhairc a sholáthar don rogha suíomhanna suite chun tacú le neamhspleáchas.



Ag luí ar an mbolg



Trasna ar a chéile



Cosa chun tosaigh



Ar na glúine ar na sála



Suíomh na maighdine mara




Ag luí ar an droim

 © CNOS 2024

Má tá do sheomra ranga róbheag le ruga a bheith ar an urlár go buan, déan iarracht rudaí a úsáid cosúil le samplaí de chairpéad nó de mhataí boird aonair mar mharcóirí do do scoláirí chun an spás urláir atá ar fáil a úsáid.

Má tá obair á déanamh i leabhair, i gcóipleabhar nó ar bhileoga oibre, is fiú roinnt roghanna a chur ar fáil do dheasca urláir chun níos mó rogha a sholáthar do do scoláirí obair ar an urlár ach dromchla soladach a bheith ann le haghaidh scríbhneoireachta. D'fhéadfaí a áireamh leis seo deasc urláir nó deasc ghlúine a úsáid.

Is féidir fillteáin stualuamháin, fásc-chláir nó cláir bhána aonair a úsáid freisin le rannpháirtíocht scoláirí a éascú i dtascanna pinn/páipéir fad a bhíonn siad ar an urlár.



Deasc Ghlúine



Deasc Surfálaí Urláir



Fásc-Chlár

 © CNOS 2024

## Dromchlaí Eile a Úsáid

Bealach seiftiúil le deiseanna a chruthú do scoláirí foghlaim i suíomhanna éagsúla coirp é na hachair dhromchla go léir laistigh de sheomra ranga a úsáid.

Phléigh Hare et al. (2016) 'Brú vs Tarraingt' ('Pushing vs Pulling'), trína mhíniú gur gnách go n-úsáidtear cláir fógraí agus cláir bhána idirghníomhacha mar bhealach do inar féidir le scoláirí an t-eolas a shú isteach – is é sin go ndéantar an t-eolas a bhrú i dtreo na scoláirí. Is féidir le spás a chur ar leataobh ar do chláir bhána, do chláir fógraí agus do bhallaí a bheith ina chur chuige éifeachtach chun an spás a chur ar bun chun eolas a fháil ó do scoláirí. I measc na smaointe maidir le conas is féidir dromchlaí foghlama malartacha a úsáid chun tacú le scoláirí rudaí a thaispeáint, tá:

- Bileoga oibre a chur in airde ar na ballaí, seastán ealaíne a dhéanamh de na ballaí.
- Na leaca fuinneoige a úsáid mar dheasc sheasaimh.





© CNOS 2024



- Cuireadh a thabhairt do scoláirí luí ar a ndromanna faoina ndeasca agus a mbileog oibre greamaithe faoin deasc. Cuireann seo deiseanna ar fáil le cobhsaíocht ghualainne agus rialú mínluaile a fhorbairt.
- Méadaíonn dromchlaí cosúil le smeach-chairteacha, seastáin ealaíne agus cláir bhána a úsáid na deiseanna le haghaidh comhoibriú i measc scoláirí agus cuireann sé 'gné spraoi' leis an ngníomhaíocht, a dhéanann eispéireas níos speisialta den eispéireas.
- Is féidir le hardaitheoir tábla a bheith ina n-acmhainn an-áisiúil ísealchostais chun tacú le dromchlaí oibre seasaimh a chruthú i do sheomra ranga.



**Deasca seasaimh á gcruthú trí ardaitheoirí tábla a úsáid le hairde na ndeasca a mhéadú**

 © CNOS 2024

## Suíocháin Ghníomhacha

Cuireann réimse éagsúil roghanna suíochán a sholáthar do do scoláirí ar a gcumas cad is fearr a éiríonn leis a roghnú. Tugtar chun solais i dtaighde a rinne Cumann Teiripe Saothair Mheiriceá (2015) go bhfuil roghanna eile á soláthar ag múinteoirí in go leor seomraí ranga cheana féin ar shuíocháin thraidisiúnta mar straitéis chun cabhrú le scoláirí díriú níos fearr ar an bhfoghlaim agus páirt níos mó a ghlacadh inti.

Tá réimse fairsing roghanna suíochán gníomhach ar fáil, cosúil le:



Stóil chreatha



Liathróidí agus boinn chobhsaíochta



Stóil eirgeanamaíocha



Liathróidí pis talún



Liathróidí taoschnó



Stóil phéirse



**Liathróidí cobhsaíochta le boinn a chuirtear timpeall ar thábla cruinn**


© CNOS 2024

**Ag brath ar rogha suíochán na scoláirí, b'fhéidir go mbeidh siad in ann luascadh, creathadh, preabadh nó iompar eile coirp a chur ar bun agus iad ag tabhairt faoin bhfoghlaim. Más spéis leat suíocháin ghníomhacha a thabhairt isteach i do sheomra ranga, cinntigh, le do thoil, go ndéantar machnamh cúramach ar na rudaí seo a leanas:**

- Leag ionchais shoiléire amach maidir le conas a úsáidfear roghanna suíochán gníomhach i do sheomra ranga.
- Tá suíocháin ghníomhacha le húsáid mar uirlis, seachas mar bhréagán nó mar dhuais.
- Déan leagan amach agus úsáid roghanna suíochán gníomhach a shamhaltú agus a thaispeáint go comhsheasmhach.
- Cuir an timpeallacht san áireamh, cinntigh go bhfuil sí glan agus saor ó bhacainní.
- Cuir riachtanais fhisiciúla na foghlama san áireamh. An dteastaíonn bonn daingean nó dromchla crua ó scoláirí le foghlaim a dhéanamh air?
- Úsáid friotal a mheallann iad agus cuir rogha ar fáil. Ná cuir iallach ar scoláire riamh.

**Nuair atá trealamh suíocháin ghníomhaigh á úsáid, mar shampla, liathróidí pis talún nó stóil chreatha:**

- Moltar gan é a úsáid ach ar feadh tréimhsí gearra i gcaitheamh an lae (20 nóiméad in aon am amháin, ar a fhaide).
- Cinntigh go bhfuil an suíochán an mhéid cheart don scoláire (tá na cosa cothrom ar an urlár).
- Cinntigh gur ceannaíodh an trealamh ó sholáthraithe creidiúnacha agus go seiceáiltear é go rialta.
- Cinntigh go bhfuil an cumas fisiciúil ag an scoláire chun an trealamh a úsáid.

**Ní oireann an mhéid chéanna do gach duine, mar sin:**

- Tabhair cuireadh do scoláirí a n-aiseolas a roinnt – Conas a bhraith do chorp? An gceapann tú gur chabhraigh sé le d'inchinn foghlaim? Ar mhaith leat é a úsáid arís?
- Tabhair freagairtí na scoláirí faoi deara – cuir an tionchar ar fhoghlaim, taitneamh, spreagadh, spéis, rogha etc. na scoláirí san áireamh.

Ba cheart suíocháin ghníomhacha a úsáid mar thaca uilíoch ranga uile sa seomra ranga. Moltar go gcuirtear fáilte roimh na scoláirí go léir dul i ngleic leis na hearraí, seachas a gcuspóir traidisiúnta ina ndéantar iad 'a shannadh' do scoláire aonair.


© CNOS 2024

## My thoughts and feelings on the changes to my classroom

**How do you feel about the changes to your classroom?**

*Circle the picture*

Don't Like — Not Sure — Like

(Circled: Not Sure)

**Why did you pick this answer?**

im in the middle with this, I have travel Sickness, so when I sit on the wobbly chairs I get quite sick,(thats just me though!) I do like being able to move beside different people, but id rather the books be always with us, I don't like how we have to get up every time we need a book! But other people love this, and I think this is a great idea, just maybe not for me!

**Go to your favourite area of the classroom/ where you work best... and WAIT**

**The area I chose was** My desk.

**Why I chose this area?** *Write/Draw*

like the layout!!

don't like the chairs makes me sick



I can't stay still, I always find something to fidget with, so I do like this, it's nice to get a ~~brake~~ break from the boring 4 tables, squares/rectangels, over all i like it beacause you can choose to sit on a normal seat or a Hokki or a yoga ball!


© CNOS 2024

# Conclúid

## Cad iad na príomhtheachtaireachtaí atá le cur i gcuimhne?

**Tacaíochtaí uilíocha:**

- Téann na rudaí atá bunriachtanach do roinnt scoláirí chun tairbhe gach scoláire.
- Díreach cosúil le dearadh uilíoch, cuirtear straitéisí agus smaointe ranga uile ar fáil sa leabhrán seo a thacóidh le rannpháirtíocht scoláirí ar gach aois.

**Meas a léiriú ar rogha agus ar ghuth na scoláirí:**

- Aithin go bhfuil ról ag do scoláirí mar chomhpháirtithe comhoibritheacha i dtaobh an spás a dhearadh agus a úsáid.
- Iarr ar aiseolas agus tacaigh le scoláirí lena aithint conas agus cén áit is fearr a fhoghlaimíonn siad. Cuirfidh seo ar chumas scoláirí roghanna feasacha a dhéanamh agus a bhrath go bhfuil úinéireacht acu ar an seomra ranga agus gur leo é.

**Is fearr a laghad ná a mhéid:**

- Glan an spás ar na ballaí agus is fiú ‘spás bán’ a bheith ann le spásanna oibre solúbtha agus timpeallachtaí a thacaíonn leis na céadfaí a chruthú.
- Laghdaigh tranglam trí spás a chriosú sa seomra ranga nó lasmuigh den seomra ranga do chótaí agus do mhálaí.

**Bíodh sé solúbtha:**

- Spás atá i dtimpeallacht do sheomra ranga is féidir a chur in oiriúint agus a athrú chun freastal ar riachtanais na scoláirí sin agus ar na spriocanna foghlama ag an tráth sin.
- Bí cruthaitheach faoi conas is féidir leat acmhainn do spáis a uasmhéadú le bealaí dinimiciúla agus saibhre ilchéadfacha a chur ar fáil chun tabhairt faoin bhfoghlaim.

“Pléigh a roghanna go hoscailte le do rang. Cuir san áireamh iad i do phleananna le gnáthaimh a oiriúnú leis na hathruithe a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun go mbeidh siad a oiriúnaí agus is féidir do riachtanais an ranga”.

Comhairle atá sa mhéid thuas ó mhúinteoir a chuir athruithe ar thimpeallacht a seomra ranga i bhfeidhm.




© CNOS 2024

# Tagairtí

Cumann Teiripe Saothair Mheiriceá. (2015). Occupational Therapy for Children and Youth Using Sensory Integration Theory and Methods in School-Based Practice. *American Journal of Occupational Therapy*, 69(Supplement_3), 6913410040p1. https://doi.org/10.5014/ajot.2015.696s04

Barrett, P., Zhang, Y., Davies, F., agus Barrett, L. (2015). *Summary report of the HEAD Project Clever Classrooms (Holistic Evidence and Design)*. Ollscoil Salford, Manchain. https://www.cleverclassroomsdesign.co.uk/_files/ugd/902e4a_6aa724a74ba04b46b716e5 28b92ad7fc.pdf

Brussino, O. (2020). Mapping policy approaches and practices for the inclusion of students with special education needs. Páipéir Oibre Oideachais an ECFE, Uimh. 227. Foilsitheoireacht an ECFE, Páras, 12.

Cameron-Whiting, C., agus Tekell, L. (2021). Caibidil 18, Trauma and Occupational Therapy's Role in Schools and Education. In *Trauma, occupation, and participation: foundations and population considerations in occupational therapy*. AOTA Press.

An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch. (2024). *Definition and Overview of Universal Design (UD)*. An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch. https://universaldesign.ie/about-universal-design/definition-and-overview

Cosgrove, J., Mckeown, C., Travers, J., Lysaght, Z., Bhroin, Ó., agus Archer, P. (2014). Educational Experiences and Outcomes for Children with Special *Educational Needs A Secondary Analysis of Data from the Growing Up in Ireland Study*. An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. https://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/11/NCSE-Educational-Outcomes-Children-with-SEN.pdf

Douglas, G., Travers, J., Mclinden, M., Robertson, C., Smith, E., Macnab, N., Powers, S., Guldberg, K., Mcgough, A., O'donnell, M., agus Lacey, P. (2012). *Measuring Educational Engagement, Progress and Outcomes for Children with Special Educational Needs A Review*. An CNOS. https://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/Outcomes26_11_12Acc.pdf

Fisher, A. V., Godwin, K. E., agus Seltman, H. (2014). Visual Environment, Attention Allocation, and Learning in Young Children. *Eolaíocht Síceolaíochta*, *25*(7), 1362-1370. https://journals.sagepub.com/doi/abs/10.1177/0956797614533801

Gremmen, M. C., van den Berg, Y. H. M., Segers, E., agus Cillessen, A. H. N. (2016). Considerations for Classroom Seating Arrangements and the Role of Teacher Characteristics and Beliefs. *Síceolaíocht Shóisialta an Oideachais*, *19*(4), 749-774. https://link.springer.com/article/10.1007/s11218-016-9353-y

Hare, R. L., agus Dillon, R. (2016). *The space: a guide for educators*. Edtechteam Press.

 © CNOS 2024

Ollscoil Harvard. (2015).*Feidhm Feidhmiúcháin agus Féinrialú*. An tIonad um an Leanbh Forbartha ag Ollscoil Harvard; Ollscoil Harvard. https://developingchild.harvard.edu/science/key-concepts/executive-function/

Immordino-Yang, M. H., agus Damasio, A. (2007). We Feel, Therefore We Learn: The Relevance of Affective and Social Neuroscience to Education. *An Aigne, an Inchinn, agus an tOideachas, 1*(1), 3-10. https://doi.org/10.1111/j.1751-228x.2007.00004.x

Kielhofner, G. (2008). *Model of Human occupation: Theory and Application* (4ú heagrán). Lippincott Williams agus Wilkins.

Kim, J., Singh, S., Vales, C., Keebler, E., Fisher, A. V., agus Thiessen, E. D. (2023). Staying and Returning dynamics of young children's attention. *Eolaíocht Forbartha, 26*(6). https://doi.org/10.1111/desc.13410

Maciver, D., Rutherford, M., Arakelyan, S., Kramer, J. M., Richmond, J., Todorova, L., Romero-Ayuso, D., Nakamura-Thomas, H., ten Velden, M., Finlayson, I., O'Hare, A., agus Forsyth, K. (2019). Participation of children with disabilities in school: A realist systematic review of psychosocial and environmental factors. *PLOS ONE, 14*(1), e0210511. https://doi.org/10.1371/journal.pone.0210511

Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin. (2023). Néara-éagsúlacht.*Bullaitín Taighde, 40*. https://www.middletownautism.com/files/uploads/d6a329f7ae93032cf8d8dce8b9b29560.pdf

An Aireacht Oideachais, an Nua-Shéalainn. (2020, an 16 Meitheamh). *Present information in different ways, using a multi-sensory approach*. Oideachas Ionchuimsitheach. https://inclusive.tki.org.nz/guides/dyslexia-and-learning/present-information-in-different-ways-using-a-multi-sensory-approach2/

Mostafa, M. (2015). *ASPECTSS*. Autism-Archi. https://www.autism.archi/aspectss

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. (2024). *Oideachas Ionchuimsitheach do Shochaí Ionchuimsitheach* Páipéar Comhairle Beartais maidir le Scoileanna agus Ranganna Speisialta. An CNOS. https://ncse.ie/wp-content/uploads/2024/01/Inclusive-Education-for-an-Inclusive-Society.pdf

O'Reilly, A., O'Donnell, S., Robinson, K., Ní Riain, E., agus Pettigrew., J. (2023). How did your school building impact you? Arna fháil ó https://www.rte.ie/brainstorm/2023/0516/1383850-school-environment-learning-outcomes-occupational-therapy/

Rajotte, E., Grandisson, M., Couture, M. M., Desmarais, C., Chrétien-Vincent, M., Godin, J., agus Thomas, N. (2024). A Neuroinclusive School Model: Focus on the School, Not on the Child. *Journal of Occupational Therapy, Schools & Early Intervention*, 1-19. https://doi.org/10.1080/19411243.2024.2341643

Rutherford, M., Lahood-Kullberg, B., Baxter, J., Johnston, L., agus Cebula, K. (2020). Pupils' views on visual timetables and labels in mainstream primary classrooms. *Eresearch.qmu.ac.uk, 21*(2). https://eresearch.qmu.ac.uk/handle/20.500.12289/10672

 © CNOS 2024

Oideachas ar Chomhtháthú Céadfach. (2023). *Nuacht agus Blag faoi Oideachas ar Chomhtháthú Céadfach. - Roghbhlúire Céadfach: Scoileanna a thacaíonn leis na Céadfaí*. www.sensoryintegrationeducation.com. https://www.sensoryintegrationeducation.com/pages/news?p=sensory-snapshot-sensory-friendly-schools

Shams, L., agus Seitz, A. R. (2008). Benefits of Multisensory Learning. *Trends in Cognitive Sciences*, 12(11), 411-417. https://doi.org/10.1016/j.tics.2008.07.006

Shanker, S. (2013). *Calm, alert, and learning: classroom strategise for self-regulation*. Pearson.

Shanker, S., agus Hopkins, S. (2020). *Self-Reg for Schools: a handbook for educators*. Pearson Education.

UNESCO. (2020). *Global education monitoring report, 2020: Inclusion and education: all means all*. Unesco.org. https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000373718

Unwin, K., Wales, K., Johnson, T., agus Lane, A. (2023). *Supporting students with sensory processing challenges Evidence summary Therapy and Nursing Services*. https://autismhub.education.qld.gov.au/ah-research/Documents/supporting-students-sensory-processing-challenges.pdf

Vessby, K., agus Kjellberg, A. (2010). Participation in Occupational Therapy Research: A Literature Review. *British Journal of Occupational Therapy*, *73*(7), 319-326. https://doi.org/10.4276/030802210x12759925544380

# Acmhainní Ábhartha

CAST: Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim https://udlguidelines.cast.org/

Clever Classrooms: Summary report of the HEAD Project https://www.cleverclassroomsdesign.co.uk/

An Roinn Oideachais: Treoir maidir le Dearadh Scoile. Freastal Speisialta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu https://assets.gov.ie/133140/317eda8c-abc8-4915-8da1-c9c336be82a9.pdf

Treoirlínte an Údaráis Náisiúnta Míchumais https://nda.ie/

An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch https://universaldesign.ie/

 © CNOS 2024

An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

# Uirlis Scagtha Chéadfaigh Seomra Ranga



An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Tá an obair seo ceadúnaithe faoi Cheadúnas Idirnáisiúnta Admhála

Neamhthráchtála Creative Commons – ShareAlike 4.0

International License

©An CNOS 2024

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

2 Sráid an Mhuilinn, Páirceanna an Bhaile Theas, Baile Átha Troim, Contae na Mí

Gréasán: www.ncse.ie

D’fhorbair Teiripeoirí Saothair na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) an leabhrán seo i gcomhar le comhghleacaithe Teiripe Urlabhra agus Teanga agus Comhairleora an CNOS. Bunaítear ábhar an leabhráin seo ar fhianaise atá bunaithe ar thaighde agus ar chleachtas trína bheith ag obair i scoileanna.

# Uirlis Scagtha Chéadfaigh Seomra Ranga

Imríonn gnéithe céadfacha ár seomraí ranga tionchar díreach ar rannpháirtíocht agus ar fhoghlaim ár scoláirí. Is féidir le spásanna foghlama ina ndéantar an iomarca spreagadh céadfach nó nach ndéantar dóthain spreagadh céadfach iontu bac a chur ar rialú fuinnimh, ar aird agus ar ullmhacht an scoláire chun tabhairt faoi fhoghlaim. Próiseálann scoláirí an domhan céadfach mórthimpeall orthu ar bhealaí éagsúla agus is féidir leis an seomra ranga a bheith ina áit an-ghnóthach agus ina mbaintear geit astu.

Is féidir le tabhairt faoi iniúchadh céadfach ar do sheomra tacú leat machnamh faoi do spás ó thaobh cúrsaí céadfacha de agus na rudaí seo a leanas a shainaithint:

- Na gnéithe i do sheomra ranga a bhfuil ag éirí go maith leo.
- Na rudaí praiticiúla is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le seomra ranga céadfach níos compordaí a chruthú do gach scoláire.

## Nuair atá Iniúchadh Céadfach ar Sheomra Ranga á Dhéanamh:

- Tabhair cuireadh do chomhghleacaí tacú leat nuair atá measúnú á dhéanamh ar ghnéithe céadfacha do sheomra.
- Déan machnamh ar conas a chuirfidh tú guth na scoláirí san áireamh maidir lena n-eispéireas de thimpeallacht do sheomra ranga. Féach Leathanach 6 den leabhrán **Timpeallacht Fhisiciúil an tSeomra Ranga** chun teacht ar smaointe.
- Déan iniúchadh céadfach ar do spás go rialta. Tagann athrú ar spásanna agus tagann athrú ar riachtanais scoláirí.
- Féach, le do thoil, an leabhrán **Timpeallacht Fhisiciúil an tSeomra Ranga** nuair a dhéantar an t-iniúchadh chun teacht ar eolas agus ar smaointe breise maidir le seomraí ranga compordacha céadfacha a chruthú.



 © CNOS 2024

## Ráitis Dea-Chleachtais le Cur san Áireamh

### Soilsiú an tSeomra Ranga

- ◯ Ní úsáidtear solas saorga ach nuair is gá.
- ◯ Seiceáiltear agus athraítear soilse fluaraiseacha go rialta (le caochadh a sheachaint).
- ◯ Cinntítear nach dtagann ach a laghad solas caochta agus is féidir isteach trí dhallóga.
- ◯ Cuirtear dromchlaí frithchaiteacha, cosúil le cláir bhána, in áit ina ndéantar a laghad frithchaitheamh/dalladh agus is féidir.
- ◯ Déantar monatóireacht ar an áit a lonraíonn solas na gréine isteach sa seomra ranga nuair atá an ghrian íseal sa spéir.
- ◯ Seachnaítear taispeáintí agus póstaeir a chur in airde ar fhuinneoga.

### Dathanna na mBallaí

Is féidir le dathanna sa seomra ranga a bheith róspreagthach nó a mhalairt:

- ◯ D'fhéadfadh go leor dathanna geala ar na ballaí, cosúil le dearg nó oráiste, a bheith róspreagthach.
- ◯ D'fhéadfadh nach bhfuil gnáthbhallaí bána nach bhfuil mórán gnéithe datha orthu spreagthach go leor.
- ◯ Cabhraíonn cúlra suaimhneach ar a bhfuil gnéithe breise datha leis an leibhéal is fearr spreagtha a chruthú. Is féidir an cúlra seo a chruthú trí dhathanna a úsáid ar throscán, fearastú bog, taispeáintí balla agus ar chláir fógraí.
- ◯ Is féidir le dathanna éagsúla a bheith ar bhallaí cabhrú le háiteanna laistigh den seomra ranga a idirdhealú. Mar shampla, cuirtear péint ghorm éadrom ar na ballaí sa chúinne suaimhneach i gcúinne an tseomra.

## Cad leis a bhfuil ag éirí go maith linn?
## Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh leis an gcompord céadfach a mhéadú?

 © CNOS 2024

## Ráitis Dea-Chleachtais le Cur san Áireamh

### Ábhair Amhairc a Eagrú

- ◯ Tá taispeáintí amhairc soiléir agus eagraithe agus cuirtear iad i spásanna a ngabhann teorainn thart orthu sa seomra.
- ◯ Tá ealaín agus maisiúcháin ar taispeáint i spás faoi leith, cosúil le clár fógraí. Déantar iad seo a nuashonrú go rialta.
- ◯ Coimeádtar an spás ar na ballaí glan. Moltar 20-50%, ar a laghad, den spás balla a choimeád glan (Barret et al., 2015).
- ◯ Tá an príomheolas le feiceáil ó gach áit suíochán sa seomra ranga. Mar shampla  an méid a mbítear ag súil leis sa rang agus sceidil amhairc.
- ◯ Bíonn sceidil amhairc ranga ar a laghad de mhéid A5 nó A4 do gach ábhar.
- ◯ Le tranglam a laghdú, úsáid stóráil dhúnta d'ábhair agus d'acmhainní a úsáidtear ó am go chéile.
- ◯ Déantar an seomra ranga a struchtúrú isteach i limistéir faoi leith do ghníomhaíochtaí sonracha le soiléireacht a thabhairt d'eagrú na timpeallachta. I measc na limistéar, tá spás suaimhneach, cúinne léitheoireachta nó limistéar oibre urláir.
- ◯ Coimeádtar deasc agus limistéar an mhúinteora eagraithe agus glan ó thranglam.
- ◯ Más féidir, coimeádtar málaí agus cótaí na scoláirí i limistéar atá scartha amach ón seomra ranga le suaimhneas agus eagrú amhairc a mhéadú.

### Plean Suíochán

- ◯ Cuir scoláirí san áireamh sa phróiseas ina sainaithnítear an spás foghlama nó an plean suíochán is fearr a n-éiríonn leo dóibh.
- ◯ Cuir stáisiúin oibre éagsúla ar fáil, cosúil le deasca seasaimh, deasc ghrúpoibre nó deasc oibre aonair.
- ◯ D'fhéadfadh deasc oibre aonair in áit nach bhfuil chomh spreagthach céanna sa seomra ranga cabhrú le roinnt scoláirí a n-aird agus a ndíriú a choimeád ag amanna faoi leith. D'fhéadfaí a áireamh leis seo cláir phríobháideachais nó aon teorainn amhairc eile a chur in airde.

## Cad leis a bhfuil ag éirí go maith linn?
## Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh leis an gcompord céadfach a mhéadú?


© CNOS 2024

## Ráitis Dea-Chleachtais le Cur san Áireamh

### Torann laistigh den Seomra Ranga

- ◯ Seo a leanas na rudaí atá le cur san áireamh maidir le fuaimeanna ó threalamh seomra ranga (teilifís, córais fuaime, ríomhairí):
  - Tá siad ar leibhéal oiriúnach airde.
  - Múchtar iad nuair nach bhfuil siad á n-úsáid.
- ◯ Bíonn daoine ar an eolas ar airde agus ar thuinairde a nglóir féin.
- ◯ Fuaimeanna a dhéanamh intuartha trí úsáid a bhaint as gnáthaimh shoiléire, as sceidil agus as scéalta sóisialta.
- ◯ Is féidir le cairt mhodhnaithe glóir ionchais shoiléire a chur in iúl i dtaobh leibhéil torainn sa seomra ranga.
- ◯ Tá spás ciúin foghlama eile ar fáil sa seomra ranga.
- ◯ Is féidir le teacht a bheith ar uirlisí suaimhneasacha tacú le scoláirí eispéiris chéadfacha mhíchompordacha a rialáil agus a bhainistiú.
- ◯ Is féidir an torann a chruthaíonn troscán a bhogadh agus daoine ag bogadh thart a mhaolú trí úsáid a bhaint as cairpéad mar dhromchlaí urláir, ceapa cosanta ar chosa cathaoireach/tábla agus trí scoláirí a spreagadh a gcathaoireacha a iompar.
- ◯ Cuireadh fearastú bog isteach sa seomra ranga le creathadh fuaime a ionsú. Is féidir a áireamh leis seo painéil fhuaimiúla, mataí urláir nó cláir fógraí feilte.

## Cad leis a bhfuil ag éirí go maith linn?
## Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh leis an gcompord céadfach a mhéadú?


© CNOS 2024

## Ráitis Dea-Chleachtais le Cur san Áireamh

### Torann lasmuigh den Seomra Ranga

- ◯ Déan machnamh ar airde/thuinairde chlog/ghléas idirchumarsáide na scoile. Tabhair cuireadh do scoláirí a dtuairim a thabhairt ar a gcompord céadfach maidir leis an airde.
- ◯ Dúntar fuinneoga nuair is gá le torann lasmuigh a sheachaint, mar shampla, torann a chruthaíonn lomairí faiche nó scoláirí eile atá ag súgradh.
- ◯ Seiceáiltear agus mionathraítear fuaimíocht an halla gleacaíochta, an cheaintín agus na bpasáistí. Is féidir le fearastú bog a úsáid agus le painéil fhuaimiúla a chur isteach le fuaim a ionsú le torann a rialú macalla a laghdú.

### Torainn Ghlóracha

- ◯ Insítear do scoláirí roimh ré, sa chás gur féidir, má bhuailfear aláram nó má dhéanfar torann glórach.
- ◯ Tá spás ciúin ar fáil do scoláirí atá thíos le míchompord céadfach éisteachta.

### Ceol

- ◯ Is féidir le ceol a úsáid sa seomra ranga atmaisféar rialaithe a chruthú.
- ◯ Is féidir ceol a úsáid ag tús an ranga, i rith grúpoibre nó nuair a aistrítear idir gníomhaíochtaí.
- ◯ D'fhéadfadh ceol cur isteach ar roinnt scoláirí nó cur as go mór dóibh. Deimhnigh cathain a d'fhéadfadh ceol a bheith cabhrach do gach scoláire trí pháirt a thabhairt dóibh nuair atá cinntí á ndéanamh.

## Cad leis a bhfuil ag éirí go maith linn?
## Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh leis an gcompord céadfach a mhéadú?


© CNOS 2024

## Ráitis Dea-Chleachtais le Cur san Áireamh

### Laistigh den Seomra Ranga

- ◯ Cuirtear roghanna suíochán ar fáil do scoláirí ar a dtagann freagairt láidir do theagmháil láimhe atá amach ó áiteanna ina mbíonn go leor daoine ag siúl thart leis an mbaol go mbuailfidh scoláirí in aghaidh a chéile a íoslaghdú.
- ◯ Úsáidtear ábhair amhairc le teorainneacha a shoiléiriú do spás pearsanta, sa chás gurb oiriúnach. Mar shampla – úsáid samplaí cairpéid nó cúisíní i rith am urláir.
- ◯ Tá córas soiléir ann chun dul i scuaine agus chun feitheamh. B'fhéidir gur fearr le roinnt scoláirí a bheith ag tosach nó ag cúl na líne chun nach mbíonn ach duine amháin taobh leo.

### Gluaiseachtaí i bPasáistí

- ◯ Tá córais i bhfeidhm i bpasáistí leis an mbaol a laghdú go mbuailfidh scoláirí in aghaidh a chéile. Mar shampla, córas aontreo, siúl ar chlé.

### Earraí Méirínteachta

- ◯ Tá earraí méirínteachta ar fáil do scoláirí a dteastaíonn ionchur uathu chun freastal agus chun díriú.
- ◯ D'fhéadfadh beartas neamhoifigiúil maidir le hearraí méirínteachta tacú le scoláirí ar mian leo teacht ar na hearraí méirínteachta agus d'fhéadfadh sé an cur isteach a íoslaghdú freisin ar scoláirí eile a roghnaíonn gan iad a úsáid.

### Teocht

- ◯ Coimeádtar teocht chompordach sa seomra ranga.
- ◯ Moltar gur cheart go leanfadh an córas téimh le teocht íosta 18 gcéim Celsius a choimeád i seomraí ranga (nuair atá meánleibhéal éadaí á gcaitheamh agus gníomhaíochta ar bun – www.into.ie).

## Cad leis a bhfuil ag éirí go maith linn?
## Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh leis an gcompord céadfach a mhéadú?


© CNOS 2024

BOLADH

## Ráitis Dea-Chleachtais le Cur san Áireamh

### Bolaithe laistigh den Seomra Ranga

- ◯ Déantar bolaithe ó phéint, ó ghliúnna agus ó shreabháin ghlantacháin a íoslaghdú.
- ◯ D'fhéadfadh freagairtí láidre céadfacha a bheith ag scoláirí do ghnáthbholaithe sa seomra ranga. Cumhráin nó bia, mar shampla. Moltar an seomra a aerú trí fhuinneoga a oscailt.
- ◯ Ba cheart taighde a dhéanamh ar bholaithe suaimhneasacha nó múscailte a chruthaíonn olaí nó úscraí agus níor cheart iad a thabhairt isteach ach de réir a chéile, le haiseolas ó scoláirí.

### Bolaithe lasmuigh den Seomra Ranga

- ◯ Cuirtear an tionchar san áireamh a imríonn bolaithe ó áiteanna lasmuigh den cheaintín agus de sheomraí praiticiúla (mar shampla, an seomra eacnamaíochta baile nó adhmadóireachta).
- ◯ Déantar an tionchar a imríonn bolaithe ó leithris/sheomraí gléasta a íoslaghdú.

## Cad leis a bhfuil ag éirí go maith linn?
## Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh leis an gcompord céadfach a mhéadú?


© CNOS 2024

## Ráitis Dea-Chleachtais le Cur san Áireamh

### Deiseanna do Ghluaiseacht Rialta laistigh den Seomra Ranga

- Tugtar faoi ghluaiseacht a bhaineann le cúrsaí acadúla sa seomra ranga, sa chás gur féidir, chun tacú le rialú na scoláirí agus lena rannpháirtíocht i bhfoghlaim. Is éard a bhaineann leis seo ná gníomhaíocht foghlama a oiriúnú chun go n-éascaítear í trí ghluaiseacht. Mar shampla, díospóireacht siúil nó scéal céadfach.
- Éascaítear scoláirí le tascanna a dhéanamh i suíomhanna éagsúla. Mar shampla, seasamh, ar a nglúine nó ar a mboilg ar an urlár, seachas a bheith ina suí ar a gcathaoireacha.
- Tá roghanna eile suíochán ar fáil do scoláirí lena roghnú.

## Cad leis a bhfuil ag éirí go maith linn?
## Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh leis an gcompord céadfach a mhéadú?


© CNOS 2024

## Eolas Breise


© CNOS 2024

# Tagairtí


- Addy, L. (2016). How to support students with sensory processing needs. Cheshire: LDA Learning.
- Attfield, I., Fowler, A., agus Jones, V. (2018). Sensory Audit for Schools and Classrooms. Autism Education Trust. Faighte ó: http://sensory-processing.middletownautism.com/wp-content/uploads/sites/3/2015/12/37.1-Sensory-audit-tool-for-environments.pdf
- Barrett, P., Zhang, Y., Davies, F., agus Barrett, L. (2015). Clever Classrooms:
- Summary report of the HEAD Project (Holistic Evidence and Design). Manchain: Ollscoil Salford.
- Chu, S., agus Reynolds, F. (2007) Occupational therapy for children with attention deficit hyperactivity disorder (ADHD), part 1: a delineation model of practice. British Journal of Occupational Therapy, 70(9), 372-383.
- Dulux Decorate Centre. (2024). Schools & Colleges – Colour Schemes and Specifications | DDC. Duluxdecoratorcentre.co.uk. https://www.duluxdecoratorcentre.co.uk/schools-colleges-universities-design
- Hare, R. L., agus Dillon, R. (2016). The space: a guide for educators. Edtechteam Press.
- Shanker, S. (2016). Self-Reg: How to help your child (and you) break the stress cycle and successfully engage with life. Nua-Eabhrac: Penguin Random House.


 © CNOS 2024

## NÓTAÍ


© CNOS 2024

## NÓTAÍ

 © CNOS 2024

An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education